

Treoirlínte ar Shocrúchán Scoile

Eagrán athbhreithnithe 2021





Réamhrá d'eagrán 2021 de na Treoirlínte Socrúcháin Scoile

Thar ceann na Comhairle Múinteoireachta, tá áthas orainn na Treoirlínte nuashonraithe seo maidir le Socrúchán Scoile a chur i láthair mar aguisín le caighdeáin athbhreithnithe na Comhairle do chlár oideachais tosaigh múinteoirí (OTM), Céim: *Caighdeáin d'Oiliúint Tosaigh Múinteoirí*. Nuashonraíodh na Treoirlínte seo chun an teanga agus an téarmaíocht a úsáidtear i gCéim a léiriú.

Seo toradh an phróisis chomhpháirtíochta a tosaíodh ag tús 2012, nuair a thug an Chomhairle cuireadh do pháirtithe leasmhara náisiúnta a bheith páirteach i ngrúpa oibre chun breathnú ar an ngné chriticiúil seo d'OTM. Ba í príomhaidhm na hoibre ná leanúnachas níos fearr san eispéireas shocrúchán scoile a chinntiú do mhúinteoirí faoi oiliúint go léir, toisc gur eispéireas ríthábhachtach é maidir le múinteoirí na todhchaí a mhúnlú. Bhí sé i gceist freisin comhoibriú feabhsaithe idir Institiúidí Ardoideachais (HEIs) agus scoileanna a éascú. Bhí an cur chuige seo ag teacht leis na critéir chreidiúnaithe do “mhúnláí nua agus nuálacha socrúcháin scoile... ag baint úsáide as cur chuige comhpháirtíochta, trína gcomhoibríonn Institiúidí Ardoideachais agus scoileanna go gníomhach in eagrú an tsocrúcháin scoile”.

Is céim eile chun tosaigh é foilsiú na dtreoirlínte seo maidir le contanam an oideachais múinteoirí a chur in iúl. Tugann na treoirlínte treoirphlean soiléir do gach duine a bhfuil baint acu le heispéiris socrúcháin scoile ar ardchaighdeán a éascú, agus tá súil againn go bhfeicfidh scoileanna agus Institiúidí Ardoideachais conas is féidir leas a bhaint as dea-chleachtas atá ann cheana féin sa réimse seo agus é a fhorbairt de réir a chéile ar mhaithe le gach comhpháirtí, go háirithe múinteoirí faoi oiliúint agus daltaí.

Meastar go bhfuil socrúchán scoile mar lánchranncur d'oideachas múinteoirí. Cuimsíonn sé múinteoirí ó gach céim den chontanam – múinteoirí a bhfuil taithe acu a thacaíonn agus a threoraíonn an Múinteoir Faoi Oiliúint, agus a fhoghlaimíonn ón bpróiseas iad féin; múinteoirí faoi oiliúint atá ag foghlaim faoi bheith ina múinteoirí; agus teagascóirí ar socrúchán.

Ó foilsíodh na treoirlínte ar dtús, tá go leor oibre déanta i réimse an tsocrúcháin scoile. Mar chuid den *Phlean Gníomhaíochta um Sholáthar Múinteoirí*, d'iarr an Roinn Oideachais ar an gComhairle Mhúinteoireachta athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm treoirlínte socrúcháin scoile, le fócas ar leith ar chomhpháirtíochtaí scoile/Institiúidí Ardoideachais, agus moltaí a dhéanamh.

Tionóladh Grúpa Oibre chun machnamh a dhéanamh ar conas a d'fhéadfaí ailíniú níos mó a fháil idir an polasaí maidir le socrúchán scoile agus a achtú.

Chruthaigh an Grúpa Oibre Socrúcháin Scoile tuarascáil agus plean gníomhaíochta ina raibh fíis chomhroinnte do shocrúchán scoile sa todhchaí.

‘Is cuid lárnach de bhunoideachas do mhúinteoirí é an socrúchán scoile, ina gcuirtear fáilte roimh mhúinteoirí agus ina dtugann teagascóirí Institiúide Ardoideachais, príomhoidí scoile, múinteoirí ranga agus an pobal scoile tacaíocht dóibh. Aithnítear an méid a chuireann múinteoirí faoi oiliúint le foghlaim na ndaltaí agus le saol na scoile agus déantar é a cheiliúradh.’ Féach *Céim* le haghaidh téacs físe comhroinnte iomlán.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le baill an ghrúpa, atá liostaithe in Aguisín 2, as na treoirínte a thabhairt chun críche. Tá meas mór ar a dtiomantas don chúram agus ar a dtoilteanas a gcuid saineolais a roinnt chomh fial flaithiúil sin.

Insíonn na treoirínte seo scéal maith faoin gcéim seo i dturas duine aonair chun bheith ina múinteoir, agus níor chóir dúinn a bheith cúthail é a insint dóibh siúd go léir a sheasann chun tairbhe - Múinteoirí Faoi Oiliúint, Institiúidí Ardoideachais, pobail scoile uile agus, ar deireadh, glúnta daltaí agus scoláirí inár scoileanna amach anseo. Creidimid, an Chomhairle, gur chóir dúinn an leas is fearr a bhaint as na deiseanna atá leagtha amach ag na treoirínte seo chun glacadh le tuiscint nua ar ghairmiúlacht agus ar mhuinín phroifisiúnta choiteann. Táimid ag tnúth le leanúint ar aghaidh ag obair leis an ngairm agus leis na comhpháirtithe uile san oideachas san iarracht seo.



Sean McMahon
Cathaoirleach



Tomás Ó Ruairc
Stiúrthóir

Gluais

Ionad Oideachais

Ionad Oideachais mar a fhoráiltear i Mír 10(4) den Acht Oideachais, 1998.

Comhoibriú

Tarlaíonn sé sin nuair a oibríonn na daoine atá páirteach sa socrúchán scoile le chéile mar chomhpháirtithe chun an sprioc choiteann a bhaint amach, sin forbairt eolais, scileanna agus inniúlachtaí atá de dhíth ag an múinteoir faoi oiliúint ag cinntiú na torthaí is fearr do scoláirí le linn an phróisis. Tá comhroinnt eolais agus foghlama mar bhonn agus thaca aige seo, comhthoil a thógáil agus feabhas a chur ar scileanna atá rithábachtach do rath socrúchán scoile.

Leanúntas in oideachas múinteoirí

Tagraíonn sé seo don fhoghlaim fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil ina mbíonn múinteoirí ag gabháil mar fhoghlaiméir ar feadh an tsaoil le linn a ngairme múinteoireachta. Cuimsíonn sé oideachas tosaigh múinteoirí, *Droichead* (an creat ionductaithe gairmiúil comhtháite), agus Cosán (foghlaím na múinteoirí).

Bord Oideachais agus Oilíúna, (BOO)

Soláthraíonn BOOanna clár oideachais agus oilíúna ag leibhéal áitiúil agus pobail ar fud na hÉireann.

Institiúid Ardoideachais (HEI)

Ainmníonn IAO nó Institiúid Ardoideachais na coláistí, ollscoileanna agus comhlachtaí tríú leibhéal eile a sholáthraíonn clár creidiúnaithe amháin nó níos mó d'oideachas tosaigh múinteoirí.

Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM)

Tagraíonn OTM don chéad chéim den fhoghlaim le bheith i do mhúinteoir nuair atá múinteoirí faoi oiliúint ag gabháil do chlár aitheanta oideachais múinteoirí.

Meantóireacht

Cuimsíonn meantóireacht an chaoi ina tugtar tacaíocht, comhairle agus spreagadh don mhúinteoir faoi oiliúint agus an chaoi ina ndéantar a smaointe agus a gcleachtas a dhaingniú agus a cheistiú, mar is cuí. Aithnítear go bhfuil an próiseas meantóireachta múinteoirí faoi oiliúint éagsúil ón bpróiseas a bhaineann le meantóireacht a dhéanamh ar mhúinteoirí nua-cháilithe.

Tuismitheoir

Ciallaíonn an téarma “tuismitheoir” tuismitheoirí agus caomhnóirí dlíthiúla.

Comhpháirtíocht

Tagraíonn comhpháirtíocht do na próisis, na struchtúir agus na socrúithe a chuireann ar chumas na gcomhpháirtithe a bhfuil baint acu le socrúchán scoile oibriú agus foghlaim le chéile in oideachas múinteoirí.

Príomhoide (múinteoir)

Mar cheannaire na foghlama, tugann an príomhoide ceannaireacht do mhúinteoirí, do bhaill foirne eile agus d'fhoghlaiméirí. I gcomhar le comhghleacaithe, tá an príomhoide freagrach as timpeallacht scoile a chruthú a thacódh leis an bhfoghlaim do gach dalta agus múinteoir i bpobal na scoile.

Daltaí

Ciallaíonn an téarma “daltaí” daltaí bunscoile agus iar-bhunscoile.

Scoil Aitheanta

Is scoil í scoil aitheanta atá aitheanta de réir Alt 10 den Acht Oideachais, 1998.

Údarás Bainistíochta na Scoile

Is é seo an Bord Bainistíochta agus/nó an BOO, de réir mar is cuí. Bainistíonn údarás bainistíochta na scoile an scoil ar son an Phátrúin de réir Alt 15 den Acht Oideachais, 1998. Cuireann sé oideachas cuí ar fáil do scoláirí, nó eagraítear é chun an t-oideachas seo a chur ar fáil, agus tá sé freagrach as a chinntiú go bhfuil polasaí shocrúcháin scoile i bhfeidhm agus go gcloítear leis.

Socrúchán Scoile

Baineann an téarma socrúchán scoile leis an gcuid den chlár a tharlaíonn i suíomhanna scoile agus atá deartha chun deis a thabhairt don mhúinteoir faoi oiliúint teoiric agus cleachtas oideachasúil a chur le chéile i réimse eispéiris mhúinteoireachta agus comhthéacsanna scoile. Cuimsíonn socrúchán scoile réimse gníomhaíochtaí teagaisc agus neamhtheagaisc agus tugann sé an deis do mhúinteoirí faoi oiliúint páirt a ghlacadh i saol na scoile i gcaoi atá struchtúrtha agus tacaíthe.

Ó thaobh na hInstitiúide Ardoideachais (HEI) de, cuimsíonn socrúchán scoile gníomhaíochtaí ar nós micreatheagasc, ceardlanna ullmhúcháin don socrúchán, agus seisiúin chomhchruinnithe faisnéise/léiritheacha a bhaineann go díreach leis an socrúchán scoile. Aithnítear go mb'fhéidir nach dtarlóidh cuid acu seo laistigh de chomhthéacs scoile.

Teagascóir Socrúcháin Scoile

Is éard is Teagascóir Socrúcháin Scoile ann ná duine a fhostaíonn Institiúid Ardoideachais chun tacaíocht agus meantóireacht a dhéanamh ar mhúinteoirí faoi oiliúint agus chun a gcleachtas a mheas agus iad ar shocrúchán.

Múinteoir faoi oiliúint

Is Múinteoir faoi oiliúint iad daoine faoi oiliúint atá ag gabháil do chlár oideachais tosaigh múinteoirí.

Taisce

Baineann Taisce le próiseas *foghlama bunaithe ar phunann* a mbíonn múinteoirí faoi oiliúint gafa leis chun cur ar a gcumas machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim agus a gcleachtas gairmiúil, de réir mar is cuí dá gcéim foghlama agus chun réimsí ina bhféadfadh tacaíocht nó treoir a bheith de dhíth orthu a aithint agus a phleanáil. Cuidíonn próiseas na foghlama bunaithe ar phunann freisin le mic léinn a bheith níos feasaí ar na teoiricí agus na toimhdí a threoraíonn a gcleachtas, agus cuireann sé bonn ar fáil do chomhráite gairmiúla faoin teagasc le teagascóirí Institiúide Ardoideachais agus le páirtithe leasmhara scoilbhunaithe araon. Aithneoidh múinteoirí faoi oiliúint, i gcomhpháirtíocht leis an Institiúid Ardoideachais mar chuid den shocrúchán scoile, réimsí ar a bhfuil tuilleadh foghlama de dhíth sa chéim ionductaithe *Droichead* den leanúntas. Leanfaidh an fhoghlaim phunann-bhunaithe de bheith ina próiseas tábhachtach chun tacú leis an múinteoir nua-cháilithe dul i mbun na gcomhráite gairmiúla, atá lárnach do phróiseas Droichead.

Múinteoir

Ciallaíonn an téarma “múinteoir” múinteoir atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

Foghlaim Múinteoirí

Déanann foghlaim ghairmiúil cur síos ar an bhfoghlaim ar fad a dhéanann múinteoirí chun tacú lena gcleachtas gairmiúil agus chun dul i ngleic le riachtanais na ndaltaí uile faoina gcúram. Tá an múinteoir mar ghairmí machnamhach in ann leas a bhaint as bonn eolais comhtháite chun cleachtas a fheabhsú trí fhiosrú.

Teagasc Foirne

Is éard atá i gceist le teagasc foirne ná grúpa de bheirt mhúinteoirí nó níos mó ag obair le chéile chun gníomhaíochtaí foghlama a phleanáil, a stiúradh agus a mheasúnú don ghrúpa céanna daltaí. Is gnách go mbíonn múinteoirí ag teagasc na ndaltaí céanna ag an am céanna, cé nach mbíonn sé seo amhlaidh i gcónaí.

Treoraí

Tagann an téarma Treoraí, an focal Gaeilge mar threoir, in ionad an téarma *Múinteoir Comhoibritheach* agus léiríonn sé níos cruinne nádúr ról an mhúinteora a thacaíonn agus a stiúran an múinteoir faoi oiliúint le linn a n-eispéireas socrúcháin scoile. I suíomh iar-bhunscoile, is féidir múinteoir faoi oiliúint a chur i roinnt ranganna éagsúla agus, mar sin, féadfaidh siad comhoibriú le roinnt *Treoraíthe* éagsúla thar roinnt réimsí ábhar.

Réamhrá

Is é príomhról na scoile ná éascaíocht a dhéanamh do dhaltaí a lánacmhainneacht a bhaint amach, dá bhrí sin ní mór do leas na ndaltaí a bheith lánach sa bheartas náisiúnta maidir le hoideachas múinteoirí agus, go háirithe, d'eispéireas socrúcháin scoile.

Tá trí phríomhbhoinn tuisceana mar thaca ag na treoiríníte seo faoi na buntáistí a bhaineann le heispéireas socrúcháin scoile a athchoincheapú:

- cuirfidh sé le heispéireas socrúcháin scoile do mhúinteoirí faoi oiliúint
- saibhreoidh sé torthaí foghlama do dhaltaí reatha agus do dhaltaí amach anseo araon agus
- doimhneoidh sé an sásamh gairmiúil agus feabhsóidh sé stádas na múinteoirí.

Ar na cúiseanna sin, tá sé ríthábhachtach go mbeadh acmhainní agus tacaíocht ghníomhach ag na comhpháirtithe oideachais go léir chun a gcuspóirí comhroinnte a bhaint amach do chlár oideachais múinteoirí agus, go háirithe, don eispéireas socrúcháin.

Cuid ríthábhachtach d'oideachas tosaigh múinteoirí (ITE) is ea socrúchán scoile agus tá sé deartha chun deis a thabhairt don mhúinteoir léinn foghlaim faoi theagasc agus foghlaim, cleachtadh a fháil sa teagasc agus teoiric a chur i bhfeidhm i gcásanna éagsúla teagaisc agus i gcomhthéacsanna scoile.

Mar chuid dá socrúchán, tugann an múinteoir faoi oiliúint faoi réimse leathan gníomhaíochtaí teagaisc agus neamhtheagaisc agus breathnaíonn siad orthu, rud a fhorbraíonn léirtheiscint ar chastacht an teagaisc agus ar éagsúlacht na ról a dhéanann múinteoirí.

Éascaíonn socrúchán scoile forbairt ar chumas an mhúinteora faoi oiliúint féinmhachnamh a dhéanamh orthu féin, i gcomhairle le Treoirithe agus Teagascóirí Shocrúcháin Scoile agus tugann sé an deis do mhúinteoirí faoi oiliúint comhairle a lorg agus a fháil i gcaoi atá struchtúrtha agus tacaíthe.

Go suntasach, tugann an socrúchán deis don mhúinteoir faoi oiliúint réimse eolais, scileanna, inniúlachtaí agus diúscairtí gairmiúla a fhorbairt atá ríthábhachtach dá bhféiniúlacht ghairmiúil mar mhúinteoir. Ceadaíonn sé freisin fás comhthreomhar ina bhféiniúlacht phearsanta, agus iad ag déanamh a mbealach tríd an bpróiseas foghlama - go - teagasc agus gach a mbaineann leis.

Cuirfidh socrúchán scoile deiseanna ar fáil do mhúinteoir dul i mbun taighde ar a gcleachtas féin a léiríonn an nasc idir na láithreáin chleachtais (IAO agus scoil). Pléifidh an Múinteoir Faoi Oiliúint a bpleananna taighde leis na Treoraí, mar go bhfuil freagracht fhoriomlán orthu as an rang.

Ag tógáil ar dhea-chleachtas

Tá socrúchán scoile bunaithe ar thraidisiún dea-thola. I gcomhréir leis na caighdeáin atá leagtha amach sa *Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí*, oibríonn múinteoirí le múinteoirí faoi oiliúint ar mhaithe le dea-chleachtas a roinnt, a fhorbairt agus a thacú agus tugann go leor pobail scoile a gcuid ama agus tairgí go flaitiúil. Cuireann siad timpeallacht chúil ar fáil do mhúinteoir inar féidir socrúchán fiúntach a dhéanamh.

Tá na treoiríníte seo deartha chun tógáil ar dhea - chleachtas atá ann cheana agus samhlacha nua agus nuálacha de shocrúchán scoile a spreagadh ag an am céanna, ag baint úsáide as cur chuige comhpháirtíochta, gan ualach míchuí a chur ar scoileanna.

I dtreo cur chuige níos struchtúrtha maidir le scoileanna óstacha a aithint agus tacú leo

Spreagtar do scoileanna óstacha dea-chleachtas gairmiúil a chur chun cinn agus obair leis an OTM as a stuaim féin. Aithnítear, áfach, nach mbíonn sé éasca d'Institiúidí Ardoideachais agus/nó múinteoirí faoi oiliúint i gcónaí scoil óstach cuí a aithint, mar gheall ar fhad an shocrúcháin scoile agus toisc go n-oibríonn an córas ar bhonn dea-thola. Ar an gcúis sin, moltar gur chóir cur chuige níos struchtúrtha a chur i bhfeidhm maidir le scoileanna óstacha a shainaithint, a bheith rannpháirteach agus tacú leo, tar éis dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara go léir. Dá mbeadh a leithéid de chur chuige struchtúrtha ann, bheadh níos mó comhleánachais ann agus thabharfaí aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann le míchothromaíocht agus cumas i socrúcháin Múinteoirí Faoi Oiliúint ar fud scoileanna go náisiúnta.

Athbhreithniú ar na Treoirí seo

Is timpeallachtaí dinimiciúla agus casta iad scoileanna agus, ar an gcúis sin, ní hionann foilsíú na dtreoirí seo agus athchoincheapú an eispéiris socrúcháin scoile agus deireadh an turais ach, ina áit sin, tús an turais. Soláthraíonn na treoirí seo treochlár don turas sin. Tabharfaidh siad treoir do scoileanna agus Institiúidí Ardoideachais conas leas a bhaint as dea-chleachtas atá ann cheana féin agus conas é a fhorbairt diaidh ar ndiaidh ar mhaithe leis na comhpháirtithe uile, go háirithe múinteoirí faoi oiliúint agus scoláirí. Beidh siad faoi réir athbhreithnithe agus athraithe, mar curtha in iúl ag taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta an OTM, agus ag guthanna gach comhpháirtí, go háirithe guth an mhúinteora faoi oiliúint.

Fís Choiteann maidir le Socrúcháin Scoile

Is cuid lárnach de bhunoideachas do mhúinteoirí é an socrúcháin scoile, ina gcuirtear fáilte roimh mhúinteoirí agus ina dtugann teagascóirí Institiúide Ardoideachais, príomhoidí scoile, múinteoirí ranga agus an pobal scoile tacaíocht dóibh. Aithnítear an méid a chuireann múinteoirí faoi oiliúint le foghlaim na ndaltaí agus le saol na scoile agus déantar é a cheiliúradh. Ní mór do mhúinteoirí faoi oiliúint an ghné seo den chlár a chur i gcrích go rathúil. Tugann sé deis do mhúinteoirí faoi oiliúint machnamh a dhéanamh ar a bhféiniúlacht mar mhúinteoirí, chun an fhéiniúlacht sin a fhorbairt agus chun a bheith sóisialaithe sa ghairm. Tá tuiscint ghairmiúil chomhroinnte mar bhonn agus taca aici go soláthraíonn rannpháirtíocht chomhoibritheach le socrúcháin scoile deiseanna foghlama gairmiúla do gach duine atá bainteach léi.

Comhpháirtíochtaí Oideachais agus Oiliúna Scoile

- Tacú le comhoibriú gairmiúil
- Nuálaíocht i gcleachtas oideolaíoch a chothú do gach múinteoir
- Tacú le rannpháirtíocht le taighde agus i dtaighde na múinteoirí go léir
- Tá siad dírithe ar riachtanais foghlama na ndaltaí go léir, agus na múinteoirí go léir.

Bíonn múnla tacúil socrúcháin ag Múinteoirí Faoi Oiliúint a éascaíonn teagmháil ghairmiúil chomhráiteach idir na comhpháirtithe go léir. Cuimseoidh na tacaíochtaí seo struchtúir ag an leibhéal náisiúnta chun cáilíocht agus rannpháirtíocht chomhoibriúch ar shocrúcháin scoile. Aithníonn Múinteoirí Faoi Oiliúint tuilleadh foghlama gairmiúla do *Droichead*, céim ionductaithe an chontanam.

Na buntáistí a bhaineann le socrúchán scoile dea-bhainistithe

Tá socrúchán scoile dea-bhainistithe ag saibhriú a chéile do dhaltaí, do mhúinteoir, do Threoraithe, do phobal na scoile i gcoitinne agus d’Institiúidí Ardoideachais.

Múinteoirí faoi oiliúint

Is féidir le Múinteoirí Faoi Oiliúint breathnú ar mhúinteoirí a bhfuil taithí acu ag múineadh agus a gcuid eolais, scileanna, inniúlachtaí agus diúscairtí gairmiúla a fhorbairt.

Scoileanna

Is féidir le scoileanna forbairt mar phobail foghlama trí eolas agus scileanna a roinnt agus trí idirghníomhaíocht le Múinteoirí Faoi Oiliúint agus le hInstitiúidí Ardoideachais.

Treoraithe

Tugtar deis do threoraithe a saineolas gairmiúil a roinnt agus breathnú agus eolas a fháil faoi chineálacha éagsúla cur chuige i leith teagaisc agus foghlama trí theagmháil le Múinteoirí Faoi Oiliúint agus le hInstitiúidí Ardoideachais (HEIs).

Daltaí

Is féidir le daltaí tairbhe a bhaint as eispéiris éagsúla a shabhríonn iad trí rannpháirtíocht struchtúrtha na Múinteoirí Faoi Oiliúint i scoileanna. Cuirtear leis seo trí chomhoibriú na Múinteoirí Faoi Oiliúint í le Treoraithe, an fhoireann scoile níos leithne agus na Teagascóirí Socrúcháin Scoile.


Institiúidí Ardoideachais

Is féidir le hInstitiúidí Ardoideachais a bheith cothrom le dáta leis na comhthéacsanna agus na réaltachtaí atá ag athrú laistigh de scoileanna.

Cuireann socrúchán scoile go leor féidearthachtaí ar fáil maidir le cómhálartacht idir Institiúidí Ardoideachais agus scoileanna. Is féidir le socrúchán scoile deiseanna a chur ar fáil maidir le smaointe agus modheolaíochtaí nua a roinnt, nuair a bhunaítear é taobh istigh de chreatlach comhpháirtíochta agus foghlama, a bhfuil na hacmhainní cearta agus tacaíocht aige agus atá éascaithe i gcomhthéacs ina bhfuil an cheannaireacht tiomanta ag leibhéal scoile agus Institiúid Ardoideachais. Is féidir leis idirphlé oscailte a chothú maidir le teagasc agus foghlaim agus deiseanna éagsúla a thairiscint le haghaidh fíor - rannpháirtíochta agus foghlama i measc múinteoirí le linn a ngairmeacha beatha.

Tugann sé deis do mhúinteoirí faoi oiliúint, agus do phearsanra Institiúid Ardoideachais teoiric agus cleachtas a chur le chéile i mbealach níos fearr trí chleachtas proifisiúnta atá machnamhach agus comhoibríoch agus foghlaim ar bhonn fiosrúcháin, i gcomhréir leis an bpolasaí náisiúnta ar an oideachas mar leanúntas.

Go suntasach, tugann socrúchán deis d’Institiúidí Ardoideachais múinteoirí faoi oiliúint atá oiriúnach agus inniúil mar mhúinteoirí a aithint. Ligtear freisin d’Institiúidí Ardoideachais iad siúd a aithint nach mbeadh oiriúnach don mhúinteoireacht nó inniúil sa mhúinteoireacht.



Cuireann socrúchán scoile deiseanna ar fáil d’Institiúidí Ardoideachais chun múinteoirí faoi oiliúint atá feiliúnach agus inniúil sa mhúinteoireacht a shaináithint.

Saintréithe an tsocrúcháin scoile éifeachtaigh

Tá socrúchán scoile ina chuid bhunúsach d’oideachas tosaigh múinteoirí (ITE) agus nascann sé leis an gcéim iontrála gairme ar chontanam an oideachais múinteoirí. Tarlaíonn socrúchán scoile éifeachtach de réir thionóntachtaí Pholasaí na Comhairle maidir le *Leanúntas an Oideachais Mhúinteoirí* agus cuimsíonn sé na tréithe seo a leanas.

Fócas uile-scoile ar fhoghlaim

Tá sé ríthábhachtach gur chóir go dtabharfadh an socrúchán deiseanna foghlama agus forbartha oiriúnacha agus éagsúla don mhúinteoir mac léinn, agus aird chuí á tabhairt ar an gcéim ag a bhfuil siad ar an gclár Oideachais Tosaigh do Mhúinteoirí.

Ag croílár na dtreoirí seo ná an prionsabal gur eagraíocht foghlama í an scoil, ag cur foghlaim na múinteoirí faoi oiliúint, na múinteoirí, na dteagascóirí shocrúcháin scoile agus na scoláirí chun cinn ar bhonn leanúnach agus cómhálartach. Dá bhrí sin, tá cur chuige scoile uile maidir le socrúchán scoile, faoi threoir phríomhoidí mar cheannairí scoile, ríthábhachtach.

Is eagraíochtaí foghlama iad Institiúidí Ardoideachais freisin. Agus iad ag forbairt a gcuid eolais agus oilteachta maidir le socrúchán scoile, glacfaidh siad páirt tábhachtach i bhfoghlaim a chothú do Threoraithe, príomhoidí agus múinteoirí eile sa scoil. Tugann forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) curtha ar fáil ag na hInstitiúidí Ardoideachais slí chun saineolas proifisiúnta agus eolas a roinnt idir Institiúidí Ardoideachais agus scoileanna agus aithníonn sé an obair a dhéanann múinteoirí chun a gcuid comhpháirtithe atá ag dul i mbun na gairme a thacú agus mar sin, socrúchán rathúil a éascú.

Caidrimh a tógadh ar bhunluachanna measa, muiníne agus cuimsiú

Tá caidrimh atá bunaithe ar chomhurráim, ar mhúinín agus ar chuimsiú fórtábhachtach do rath an tsocrúcháin. Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach go n-áireofaí Múinteoirí Faoi Oiliúint agus go dtabharfadh gach comhpháirtí tacaíocht dóibh le linn a socrúcháin scoile. Ina dhiaidh sin, ní mór do mhúinteoirí daltaí aitheantas agus meas a thabhairt do ról phearsana na scoile agus aird chuí a thabhairt ar na polasaithe, na prótacail agus an spiorad tréithiúil atá mar bhonn agus mar thaca ag saol laethúil na scoile.

Comhpháirtíocht

Tá socrúchán scoile bunaithe ar chur chuige comhpháirtíochta a shábhraíonn go frithpháirteach do phobail scoile, d’Institiúidí Ardoideachais agus do mhúinteoir. Aithnítear dea-thoil na múinteoirí agus na gcomhpháirtithe eile agus cineál deonach a rannpháirtíochta. Leanfaidh Institiúidí Ardoideachais agus scoileanna ag tacú lena chéile agus iad ag tabhairt faoin bpróiseas socrúcháin.

Rannpháirtíocht ghairmiúil agus úinéireacht ghairmiúil

Is gairm fhéinrialaithe í an mhúinteoireacht agus mar sin, tá forbairt shocrúchán scoile bunaithe ar an tuiscint go bhfuil an ghairm mhúinteoireachta tiomanta do phróiseas oiliúna na múinteoirí, i gcomhar leis na hInstitiúidí Ardoideachais. Ba chóir go dtacaíonn comhpháirtithe oideachais go léir le múinteoirí agus scoileanna mar is cuí chun ionchais a bhaint amach maidir leis seo. Glacfaidh an Múinteoir Faoi Oiliúint, ina dhiaidh sin, freagracht chuí as na deiseanna foghlama a thairgeann a n-eispéireas socrúcháin a uasmhéadú.



Na trí philéar

Ba chóir go mbeadh an socrúchán scoile bunaithe ar na trí cholún nuálaíochta, comhtháthaithe agus feabhsaithe atá mar bhonn agus mar thaca ag gach céim de chontanam an oideachais múinteoirí i *mBeartas na Comhairle maidir le Leanúntas an Oideachais do Mhúinteoirí*.

Caidrimh agus cumarsáid

Tá sé ríthábhachtach caidrimh, atá bunaithe ar mheas ar a chéile, muinín agus cuimsiú, a chothú chun socrúchán scoile rathúil a bhaint amach.

Tá cumarsáid shoiléir agus oscailte idir na comhpháirtithe go léir riachtanach. Go háirithe, tá cumarsáid éifeachtach le tuismitheoirí ríthábhachtach. Ba chóir iad a chur ar an eolas faoi thiomantas na scoile do mhúinteoirí mac léinn a óstáil ar shocrúchán agus faoina beartas maidir le socrúcháin den sórt sin.

I ngach cumarsáid, ba chóir do mhúinteoirí faoi oiliúint, Treoraithe, príomhoidí, teagascóirí shocrúchán scoile agus gach uile comhpháirtithe sa phróiseas shocrúchán scoile meas a thabhairt ar phríobháideachas daoine eile agus rúndacht maidir le heolas faighte le linn an shocrúcháin scoile.

Tá sé ríthábhachtach caidrimh, atá bunaithe ar mheas ar a chéile, muinín agus cuimsiú, a chothú chun socrúchán scoile rathúil a bhaint amach.

Fad, struchtúr agus uainiú an tsocrúcháin scoile



Tá socrúchán scoile dea-bhainistithe ag saibhriú a chéile do dhaltai, do mhúinteoir, do Threoraithe, do phobal na scoile i gcoitinne agus d’Institiúidí Ardoideachais.

Tá cinneadh déanta ag an gComhairle Mhúinteoireachta gur chóir 25% d’am na mac léinn thar na cláir comhreathacha ceithre bliana agus 40% d’am na mac léinn thar na cláir dhá bhliain i ndiaidh a chéile a bheith tiomanta do shocrúchán scoile.

Cuimsíonn socrúchán scoile gné scoilbhunaithe (teagasc díreach agus gníomhaíochtaí scoilbhunaithe eile i scoil aitheanta) agus réimse gníomhaíochtaí faoi threoir IAO, mar atá leagtha amach i bhFíor 1. Táthar ag súil go mbeidh an chuid is mó den socrúchán scoile scoilbhunaithe.

1 Ba chóir go mbeadh rang ainmnithe a theagasc thar réimse na n-ábhar sa churacclam bunscoile i gceist leis an am díreach teagaisc ag an leibhéal bunscoile. Ag an leibhéal iarbhunscoile, ba chóir go mbeadh múineadh ábhair cheadaithe amháin nó níos mó ón gcuracclam iarbhunscoile go dtí rang ainmnithe i gceist.

Gníomhaíochtaí scoilbhunaithe

Le linn an chláir iomlán, ba chóir go mbeadh taithí de 200 uair ar a laghad ag múinteoirí faoi oiliúint sa theagasc díreach, agus d'fhéadfadh teagasc foirne a bheith san áireamh freisin. Níor cheart amchlárú a dhéanamh ar mhúinteoirí mac léinn in iar-bhunscoil do ranganna atá ar leithligh ó na ranganna ar sannadh dóibh iad chun críocha an tsocrúcháin.

Déanfar tréimhsí fada socrúcháin scoile a sceidealú don dara leath den chlár agus ceann amháin ar a laghad de na socrúcháin níos déanaí ar feadh 10 seachtaine ar a laghad, nó a choibhéis, agus caithfear 3 lá ar a laghad in aghaidh na seachtaine i scoileanna.

Ba chóir go mbeadh uaireanta neamhtheagaisc i scoileanna dea-struchtúrtha chun níos mó béime a éascú ar bhreathnóireacht sa seomra ranga, ar obair chomhoibritheach le baill foirne a bhfuil taithí acu, agus ar rannpháirtíocht níos mó le saol na scoile.

Ba chóir do scoileanna agus d'Institiúidí Ardoideachais a chinntiú go dtugtar meascán cuí don mhúinteoir mac léinn de na cineálacha gníomhaíochtaí a mholtar i bhFíor 1, ag féachaint don chéim ag a bhfuil siad ar chlár Oideachais Tosaigh do Mhúinteoirí.

Maidir le huainiú an tsocrúcháin, teastaíonn fogaireacht do riachtanais na múinteoirí faoi oiliúint agus na scoileanna óstacha.

Faoi réir a bhfuil thuas, beidh solúbthacht ag Institiúidí Ardoideachais maidir le fad, struchtúr agus uainiú na heiliminte scoilbhunaithe a chinneadh agus soláthróidh siad faisnéis mhionsonraithe do scoileanna maidir leis sin, chun pleanáil scoile a éascú.

Gníomhaíochtaí faoi threoir Institiúide Ardoideachais

Chomh maith leis an ngné scoilbhunaithe, aithnítear go bhfuil baint bhunúsach ag go leor gníomhaíochtaí foghlama eile arna n-éascú ag Institiúidí Ardoideachais leis an socrúchán. D'fhéadfadh micrea-theagasc, ceardlanna ullmhúcháin agus seisiúin mhachnaimh chomhchoiteanna tar éis an tsocrúcháin a bheith i gceist leo seo. D'fhéadfadh go n-áireofaí leo freisin eispéiris socrúcháin mhalartacha i suíomhanna oideachais nach scoileanna aitheanta iad. Tá liosta neamh - uileghabhálach de ghníomhaíochtaí faoi threoir Institiúide Ardoideachais a d'fhéadfaí a mheas a bheith mar chuid lárnach den socrúchán leagtha amach i bhFíor 1.

Fíor 1: Gnéithe de shocrúchán scoile

Chomh maith le teagasc díreach chuig rang ainmnithe, ba chóir go mbeadh na gníomhaíochtaí seo a leanas san áireamh sa ghné scoilbhunaithe:

Deis don mhúinteoir faoi oiliúint dul i mbun taighde ar a chleachtas féin a thaispeánann an ceangal idir na suíomhanna cleachtais (Institiúid Ardoideachais agus an scoil).

Le linn gach modúil socrúcháin scoile, trí úsáid a bhaint as a *Taisce*, léireoidh an Múinteoir Faoi Oiliúint tuiscint ar oideachas cuimsitheach de réir mar is infheidhme maidir leis an gcomhthéacs sin agus léireoidh sé/sí tuiscint ar oibriú le tuismitheoirí.

Pleanáil le haghaidh teagaisc, foghlama agus measúnachta (ranganna sannta)

- Measúnú don fhoghlaim (ranganna sannta)
- Breathnóireacht struchtúrtha ar chleachtas an tseomra ranga
- Rannpháirtíocht na Múinteoirí Faoi Oiliúint i gcláir treoshuímh scoilbhunaithe

Comhráite gairmiúla le múinteoirí a bhfuil taithí acu

Aiseolas struchtúrtha ó theagascóirí socrúcháin SCOILE na hInstitiúide Ardoideachais agus ó Threoraithe maidir le cleachtas a breathnaíodh

- Machnamh criticiúil ar chleachtas, ina n-aonar agus le comhghleacaithe araon
- Rannpháirtíocht struchtúrtha agus tacaithe i saol na scoile, de réir mar is cuí don socrúchán scoile

D'fhéadfadh go n-áireofaí leis an ngné scoilbhunaithe freisin, mar a mheasann an IAO agus an óstscoil, cuid de na gníomhaíochtaí seo a leanas, nó iad uile:

Tacaíocht foghlama agus teagasc acmhainne

Freastal ar chruinnithe foirne

Rannpháirtíocht tacaíthe le daoine gairmiúla eile

Rannpháirtíocht le forbairt ghairmiúil leanúnach scoilbhunaithe agus/nó le planáil forbartha scoile

D'fhéadfadh go n-áireofaí na nithe seo a leanas i ngníomhaíochtaí socrúcháin arna stiúradh ag Institiúid Ardoideachais:

Micrea-theagasc nó a chomhionann

Ullmhúchán don socrúchán

Ceardlanna machnaimh socrúcháin scoile

- Fóraim díospóireachta ar líne
- Dialann machnamhach / punann gairmiúil a forbairt
- Eispéiris socrúcháin eile i suíomhanna oideachais seachas scoileanna aitheanta, lena n-áirítear, inter alia, Ionaid Oideachais.



Suímh oiriúnacha a aithint

Beidh socrúcháin scoile comhdhéanta de dhá shuíomh socrúcháin ar a laghad a chuimseoidh éagsúlacht de chásanna teagaisc, leibhéal ranga agus comhthéacsanna scoile, lena n-áirítear scoileanna lán-Ghaeilge.

Tá Institiúidí Ardoideachais go hiomlán freagrach as socrúcháin scoile do mhúinteoirí faoi oiliúint agus is féidir leo an fhreagracht a fhágáil ar mhúinteoirí faoi oiliúint scoileanna óstálacha a aithint. Ba chóir gach iarracht a dhéanamh lena chinntiú go bhfaigheann múinteoirí faoi oiliúint taithí teagaisc i gcomhthéacsanna scoile éagsúla chun meascán socheacnamaíoch agus cultúrtha na sochaí a léiriú.

Nuair is cuí agus indéanta, ba cheart gnéithe den socrúcháin a lonnú i scoileanna nó i suíomhanna speisialta, i suíomhanna ina múintear an curaclam trí Ghaeilge agus i suíomhanna aitiópúla eile. Chun é seo a éascú, is inmhianaithe go bhfuil gach uile scoil aitheanta sásta múinteoirí faoi oiliúint a óstáil ar shocrúcháin scoile, cé go nglactar nach mbeadh sé seo indéanta nó oiriúnach.

Nuair a bheidh óstscóil aontaithe do mhúinteoirí faoi oiliúint ar leith, éascóidh príomhoide na scoile, nó ball foirne dá bhfuil an tasc seo, an socrúcháin de réir threoirínte na nInstitiúidí Ardoideachais ábhartha.

Le linn a gcuid socrúcháin ar fad, ba chóir go mbeadh múinteoirí faoi oiliúint ag an mbunleibhéal i dteagmháil le raon de leibhéil ranga agus i gcásanna teagaisc ilranga. Ag leibhéal na hiar-bhunscoile, ba chóir go mbeadh múinteoirí faoi oiliúint i dteagmháil leis an tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach araon, le teagasc cumais mheasctha agus, nuair is cuí, le ranganna scrúdaithe.

Agus iad ag pleanáil chuige seo, ba cheart go mbeadh aird ar Institiúidí Ardoideachais agus scoileanna ar raon athróg, e.g., uainiú an tsocrúcháin i bhféilire na scoile, agus an chéim ag a bhfuil an múinteoir faoi oiliúint ar an gclár tosaigh Oideachas Múinteoirí (OTM).

Is féidir taithí ar nascálacha trasearnálacha a chur san áireamh freisin, ionas go gclóinn siad le polasaí na Comhairle Múinteoireachta *Céim: Caighdeán d'Oiliúint Tosaigh Múinteoirí*. Mar shampla, d'fhéadfadh le múinteoirí faoi oiliúint ag leibhéal bunscoile taithí socrúcháin a fháil i naíonra agus/nó i scoil iarbhunscoile. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh go bhfaigheadh múinteoirí faoi oiliúint ag leibhéal na hiarbhunscoile roinnt taithí socrúcháin i mbunscoil.

D'fhéadfadh eispéiris socrúcháin malartacha, lena n-áirítear socrúcháin Thuaidh/Theas agus Erasmus agus socrúcháin in Ionaid Oideachais agus suíomhanna oideachais eile nach scoileanna aitheanta iad, eispéiris luachmhara teagaisc agus foghlama a sholáthar don mhúinteoir faoi oiliúint, agus féadfar iad a shocrú mar chuid de ghníomhaíochtaí IAO-díritha a bhfuil achoimre déanta orthu i bhFíor 1.

Tacaíocht struchtúrtha don mhúinteoir faoi oiliúint



